Tá Clár na dToghthóirí á ullmhú anois don bhliain seo chugainn. Comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais LÁITHREACH í lena chinntiú go mbeidh tusa agus baill do theaghlaigh cláraithe.

NÓTAÍ

A. DÉAN CINNTE GO LUAFAIDH TÚ:

- Gach duine atá os cionn 18 mbliana d'aois a bhfuil cónaí orthu ag do sheoladh;
- Aon duine atá 17 mbliana d'aois agus a mbeidh 18 mbliana slánaithe aige faoin 15 Feabhra seo chugainn;
- Aon duine incháilithe a bhfuil cónaí air ag do sheoladhsa de ghnáth ach atá as baile go sealadach;
- Ainm aon duine atá ag cónaí ann le dhá bhliain anuas agus an seoladh a bhí ag an duine sin/na daoine sin roimhe seo.

B. NÁ LUAIGH:

- Cuairteoir atá ag cur faoi seal ag do sheoladh.

C. SAORÁNACHT

Cé go bhfuil gach cónaitheoir i dteideal a bheith cláraithe, caithfidh fios a bheith ag an údarás clárúcháin (do chathair, comhairlí contae nó cathrach agus contae) ar shaoránacht duine chun na toghcháin a mbeidh an duine sin ann vótáil iontu a chinneadh.

Is mar a leanas an ceart vóta a chaitheamh:

Toghchán Uachtaránachta agus Reifreann- Saoránaigh na hÉireann
Toghchán Dála- Saoránaigh na hÉireann agus na Breataine
Toghchán do Pharlaimint na hEorpa - Saoránaigh na hÉireann agus Saoránaigh Bhallstáit an AE
Toghcháin Áitiúla - Gach saoránach atá cónaitheach in Éirinn

D. DHÁ LEAGAN DEN CHLÁR

Is gá d'údaráis chláraithe dhá leagan den chlár a fhoilsiú:
(a) an clár iomlán; agus
(b) an clár atheagraithe.
Tá liosta na ndaoine ar fad atá i dteideal vótáil ar an gclár iomlán agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

AN CLÁR ATHEAGRAITHE

Beidh ainmeacha agus seoltaí na ndaoine ar féidir a gcuid sonraí a úsáid chun críocha eile seachas críocha toghcháin nó críocha reachtúla, m.sh. do dhírmhargaíocht ag eagraíocht trádála nó ag eagraíocht eile, ar an gclár atheagraithe.

Má theastaíonn ó aon duine den líon tí go gcuirfí a chuid sonraí san áireamh ar an gclár atheagraithe ba cheart tic a chur sa bhosca rogha ISTEACH i gcolún (v), cuid 3 den fhoirm, nó sin cuir tic in aice le AMACH. Má fhágtar bán na boscaí seo, glacfar leis gurb ionann sin agus rogha AMACH, i.e. ní bheidh an duine sin ar an gclár atheagraithe.

NÓTAÍ

E. TUILLEADH EOLAIS

Tá tuilleadh eolais ar an gclár agus ar an bhforlíonadh leis an gclár le fáil sa bhileog eolais "Clár na dToghthóirí" ag www.housing.gov.ie

F. RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHTA

Éilíonn an tÚdarás Clárúcháin ar thoghthóirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil d'fhonn feidhmeanna reachtúla a chur i gcrích. Caithfidh an tÚdarás Clárúcháin le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil faoi rún, de réir na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na reachtaíochta um Chosaint Sonraí. I gCuid II den Acht Toghcháin 1992 agus sa Dara Sceideal den Acht sin go príomha atá na forálacha Reachtúla a bhaineann leis an bpróiseas clárúcháin. Foráiltear in Alt 13A den Acht Toghcháin 1992 go bhfuil duine ciontach i gcion má bhaineann an duine sin úsáid as an gclár chun críche eile seachas chun críche a bhaineann le toghchán nó críoch reachtúil eile.

Déan teagmháil go díreach le d'údarás clárúcháin le do thoil, chun tuilleadh eolais a fháil ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus chun sonraí teagmhála a fháil don Oifigeach Cosanta Sonraí

taisigh anseo

IARRATAS AR IONTRÁIL AINMNEACHA I gCLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

(Léigh na nótaí go léir, úsáid BLOCLITREACHA agus peann gránbhiorach)

1. Seoladh poist iomlán na háite cónaithe:

EIRCODE:

2. An bhfuil aon teaghlaigh/árasáin eile ag uimhir 1 lastall?

Tá ☐ Níl ☐

3. Sa tábla thíos, déan liosta de gach duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, nó iad siúd a bhainfidh 18 mbliana amach faoin 15 Feabhra, agus a bhfuil cónaí orthu de ghnáth ag an seoladh atá ag uimhir 1 ar aghaidh an tábla amach. Tabhair mionsonraí riachtanacha i dtaobh gach duine.

Más mian le haon duine de na daoine ar an liosta a bheith san áireamh sa chlár atheagraithe, cuir tic in aice leis an mbosca **ISTEACH** don duine sin. Ba cheart don duine atá ag comhlánú na foirme seo an méid is mian le gach duine a fhiafraí díobh (féach nóta D)

(féach nóta D)

(i) SLOINNE	(ii) AINM(NEACHA)	(iii) DÁTA BREITHE L L M M B B	(iv) SAORÁNACHT Cuir tic le do thoil más Éireannach nó ón mBreatain tú (luaigh saoránacht gach duine eile más ó thír eile san AE/nó Neamh-AE iad)				(v) CHLÁR ATHEAGRAITHE ROGHA	
			Éireannach	Ón mBreatain	Tír eile san AE	Tír Neamh-AE	ISTEACH	AMACH

(féach nóta D)

4. Ainm(neacha) agus aon **seoladh(seoltaí) a bhí aige/aici/acu** le dhá bhliain.

5. Dearbhú: Creidim gur fíor é an t-eolas a thugtar thuas.
Is cion é gan aon eolas is gá chun críocha a dhualgais a thabhairt don údarás clárúcháin nó eolas bréige a thabhairt.

Síniú | Uimhir fóin i rith an lae/phóca/ríomhphost | Dáta

Nuair a chomhlánfar an fhoirm seo, srac den bhileog í. Séalaigh í, agus seol chuig an údarás clárúcháin a bhfuil a sheoladh ar chúl í. **Níl gá le stampa ná le clúdach.**

taisigh anseo